



2026/96

16.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/96 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Eanáir 2026

maidir le húdarú bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíocha áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 9(2) agus 10(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmhéastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Údaraíodh na substaintí bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin isteach i gClár na mBreiseáin Beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. Mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarradh ann go n-aicmeofaí na breiseáin sin i sa chatagóir breiseáin 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí na breiseáin lena n-úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaitithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseáin sin in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 27 Meitheamh 2024 ⁽³⁾ ⁽⁴⁾ nach bhfuil aon ábhar inní ann maidir le bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. suas le huastiúchaint áirithe a shonraítear a thuilleadh i gcás speicis aonair. Mar sin féin, níorbh fhéidir teacht ar chonclúidí maidir le caite, éisc ornáideacha agus speicis eile. Thairis sin, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. sábháilte do thomhaltóirí agus nach bhfuil coinne leis go mbeadh riosca ag baint léi don chomhshaol ar na leibhéil úsáide i mbeatha atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhfuil bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. sábháilte do thomhaltóirí agus don chomhshaol ar na leibhéil úsáide i mbeatha atá beartaithe. Tháinig sé ar an gconclúid thairis sin gur cheart bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. a mheas mar ghreannaitheoirí craicinn agus súl, agus mar íogróirí deirmeacha agus riospráide. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise, ós rud é go bhfuil bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. aitheanta mar bhlastáin bhia agus go mbeadh an fheidhm chéanna acu i mbeatha, go bunúsach, is atá acu i mbia. D'fhóraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar na breiseáin bheathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(7), e8907. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8907>.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(7), e8906. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8906>.

- (6) Ina dhiaidh sin, tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar údarú bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. le haghaidh gach speicis agus catagóire ainmhíche seachas turcaithe lena ramhrú, sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú, gach éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, éin ornáideacha, gach éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, muca lena ramhrú, muca lena ramhrú de mhionspeicis *Suidae*, bainbh (diúil agus scoite) de gach *Suidae*, gach *Suidae* le haghaidh atáirgthe, laonna lena ramhrú, caorach agus gabhar, eallach lena ramhrú, athchogantaigh eile lena ramhrú agus gach athchogantach eile, *Camelidae* lena ramhrú agus gach *Camelidae* eile, *Equidae*, *Leporidae*, salmainidí, mionéisc eite agus madraí eile.
- (7) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a mhéid a bhaineann le turcaithe lena ramhrú, sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú, gach éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, éin ornáideacha, gach éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, muca lena ramhrú, muca lena ramhrú de mhionspeicis *Suidae*, bainbh (diúil agus scoite) de gach *Suidae*, gach *Suidae* le haghaidh atáirgthe, laonna lena ramhrú, caorach agus gabhar, eallach lena ramhrú, athchogantaigh eile lena ramhrú agus gach athchogantach eile, *Camelidae* lena ramhrú agus gach *Camelidae* eile, *Equidae*, *Leporidae*, salmainidí, mionéisc eite agus madraí eile. Dá réir sin, ba cheart úsáid na mbreiseán sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (8) Maidir le bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L., measann an Coimisiún gur gá uaschion a shocrú le haghaidh an bhreiseáin in ábhar beatha iomlán mar gheall ar láithreach substaintí ar údar imní iad, is é sin peiriollaildéad agus fúracúimairíní, agus go gceadaítear meascán de bhláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfanfaidh na leibhéil pheiriollaildéid agus fúracúimairíní in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun na leibhéil a d'eascródh as breiseán aonair a úsáid ag an uaschion nó ag an gcion molta le haghaidh an speicis ábhartha nó na catagóire ainmhíche ábhartha. Maidir le bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L., measann an Coimisiún gur gá uaschion a shocrú le haghaidh an bhreiseáin in ábhar beatha iomlán mar gheall ar láithreach substainte ar údar imní í, is é sin peiriollaildéad, agus go gceadaítear meascán de bhláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na leibhéil pheiriollaildéid in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun na leibhéil a d'eascródh as breiseán aonair a úsáid ag an uaschion nó ag an gcion molta le haghaidh an speicis ábhartha nó na catagóire ainmhíche ábhartha. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (9) De réir Airteagal 10(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, tá an Coimisiún le Rialachán a ghlacadh lena gceanglaítear tarraingt siar ón margadh breiseán beathaithe nár cuireadh iarratais isteach ina leith roimh an sprioc-am a leagtar síos in Airteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart Rialachán a ghlacadh a bhainfeadh le breiseáin beathaithe ar cuireadh iarratas isteach ina leith ach ar tarraingíodh siar ina dhiaidh sin é.
- (10) I gcás breiseáin beathaithe ar tarraingíodh iarratas siar ina leith i gcás speicis nó catagóirí ainmhíocha áirithe, níor cheart baint a bheith ag an tarraingt siar ón margadh ach leis na speicis nó catagóirí ainmhíocha sin.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola cearbhais ó *Carum carvi* L. a tharraingt siar ón margadh a mhéid a bhaineann leis na speicis agus catagóirí ainmhíocha nach bhfuil faoi réir an údaráithe a dheonaítear leis an Rialachán seo.
- (12) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaráithe na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (13) Ina theannta sin agus a mhéid a dhéantar breiseáin beathaithe a tharraingt siar ón margadh, maidir leis na stoic atá ann cheana de na breiseáin, de na réamh-mheascáin, de na hábhair bheatha agus den bheatha chumaisc arna dtáirgeadh leis na breiseáin sin, is iomchuí freisin foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse ina bhféadfaí na stoic sin a ídiú freisin i ndáil leis na speicis agus catagóirí ainmhíocha nach gcmhdaítear leis an údarú a dheonaítear leis an Rialachán seo, ionas go mbeidh páirtithe leasmhara in ann oiriúnú don oibleagáid na táirgí sin a tharraingt siar ón margadh.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaintí iad a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe', údaraítear iad mar bhreiseáin bheathaithe i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Tarraingt siar ón margadh

Maidir leis na breiseáin bheathaithe bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola chearbhaís ó *Carum carvi* L., mar a údaraítear iad de bhun Threoir 70/524/CEE, déanfar iad a tharraingt siar ón margadh i ndáil leis na speicis agus catagóirí ainmhíocha sin seachas na cinn a luaitear san Iarscríbhinn.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha a bhaineann leis an údarú

1. Maidir leis na breiseáin bheathaithe bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola chearbhaís ó *Carum carvi* L., mar a údaraítear iad de bhun Threoir 70/524/CEE, agus réamh-mheascáin a bhfuil na breiseáin sin iontu, atá beartaithe do thurcáithe lena ramhrú, sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú, gach éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, éin ornáideacha, gach éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, muca lena ramhrú, muca lena ramhrú de mhionspeicis *Suidae*, bainbh (diúil agus scoite) de gach *Suidae*, gach *Suidae* le haghaidh an atáirgthe, laonna lena ramhrú, caoirigh agus gabhair, eallach lena ramhrú, athchogantaigh eile lena ramhrú agus gach athchogantach eile, *Camelidae* lena ramhrú agus gach *Camelidae* eile, *Equidae*, *Leporidae*, salmainidí, mionéisc eite, madraí, agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Lúnasa 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 5 Feabhra 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 5 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 4

Bearta idirthréimhseacha a bhaineann leis an tarraingt siar ón margadh

1. Maidir leis na stoic atá ann cheana de na breiseáin bheathaithe bláthola síl soilire ó *Apium graveolens* L. agus bláthola chearbhaís ó *Carum carvi* L., féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid i ndáil leis na speicis agus catagóirí ainmhíocha sin seachas na cinn a luaitear san Iarscríbhinn go dtí an 5 Feabhra 2027.
2. Maidir le réamh-mheascáin arna dtáirgeadh leis na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid i ndáil leis na speicis agus catagóirí ainmhíocha sin seachas na cinn a luaitear san Iarscríbhinn go dtí an 5 Bealtaine 2027.
3. Maidir le beatha chumaisc agus ábhair bheatha arna dtáirgeadh leis na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1 nó le réamh-mheascáin dá dtagraítear i mír 2, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid i ndáil leis na speicis agus catagóirí ainmhíocha sin seachas na cinn a luaitear san Iarscríbhinn go dtí an 5 Feabhra 2028.

*Airteagal 5***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b52-eo	Bláthola síl soilire	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Bláthola ó thoradh <i>Apium graveolens</i> L. Foirm leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola síl soilire: Bláthola mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ a fhaightear ó thoradh <i>Apium graveolens</i> L. trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise comhábhar luaineach agus ansin iad a scaradh ón gcéim uiscí trí scinceáil. Uimhir CAS: 8015-90-5 Uimhir Einecs: 289-668-4 Uimhir FEMA: 2271 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 52	Turcaithe lena ramhrú	-	-	2,1	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.	an 5 Feabhra 2036
			Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	1,6		
			Gach éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	1,6	2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.	
			Éin ornáideacha	-	-	1,6		
			Gach éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin			2,3	3. Ceadáítear bláthola síl soilire a mheascadh le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na leibhéil peiriollaidéid agus fúracúmairíní sna hábhair bheatha agus sa bheatha cumaisc níos ísle ná na leibhéil a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis ábhartha nó le haghaidh na catagóire ainmhithe ábhartha.	
			Muca lena ramhrú	-	-	3,3		
			Muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú	-	-	2,8		
			Bainbh (diúil agus scoite) de gach <i>Suidae</i>	-	-	2,8		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Sonraíochtaí: <i>d</i> -Líomainéin: 35-79 % <i>β</i> -Seilínéin: 5-20 % Seincínúnilíd A: 1,5-22 % <i>β</i> -Pinéin (pin-2(10)-éin): 0,3-2 % Peiriollaildéad: ≤ 0,025 % Fúracúmairíní: — Beirgiptein: ≤ 0,001 % — Sorailein: < 0,00025 % — Xantoscaín: < 0,00025 % — Isipimpinilin: < 0,00025 % — Isimpireatóirín: < 0,0005 % <i>Modh anailíse</i> (?) Maidir le líomainéin (marcóir fíicheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) (ISO 3760)	Gach <i>Suidae</i> le haghaidh atáirgthe	-	-	4,1	4. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don anáil a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
			Laonna lena ramhrú	6 mhí	-	6,5		
			Caoirigh agus gabhair	-	-	6,2		
			Eallaí lena ramhrú; athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; <i>Camelidae</i> lena ramhrú	-	-	6,2		
			Gach athchogantach eile; gach <i>Camelidae</i> eile	-	-	4		
			<i>Equidae</i>	-	-	6,2		
			<i>Leporidae</i>	-	-	2,5		
			Salmainidí agus mionéisc eite	-	-	6,8		
			Madraí	-	-	7,2		

(¹) *Natural sources of flavourings* - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

(²) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b112-eo	Bláthola chearbhais	Comhdhéanamh an bhreiseáin	Turcaithe lena ramhrú	-	-	12	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadáítear bláthola chearbhais a mheascadh le breiseáin luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na leibhéil peiriollaildéid sna hábhair bheatha agus sa bheatha cumaisc níos ísle ná na leibhéil a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis ábhartha nó le haghaidh na catagóire ainmhithe ábhartha.	an 5 Feabhra 2036
		Bláthola ó thoradh <i>Apium graveolens</i> L.	Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	-	-	9		
		Foirm leachtach	Gach éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	9		
		<i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i>	Éin ornáideacha	-	-	9		
		Bláthola chearbhais:	Gach éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	-	-	13		
		Bláthola, mar atá sainithe ag an gComhairle Eorpach ⁽¹⁾ , a fhaightear ó thoradh triomaithe aibí <i>Carum carvi</i> trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar luaineach agus a scaradh ón bpas uiscí trí scinceáil.	Muca lena ramhrú	-	-	19		
		Uimhir CAS: 8000-42-8 Uimhir Einecs: 288-921-6 Uimhir FEMA: 2238 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 112	Muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú	-	-	16		
		Sonraíochtaí: — <i>d</i> -Cearbhón: 45-65 % — <i>d</i> -Líomainéin: 30-50 %	Bainbh (diúil agus scoite) de gach <i>Suidae</i>	-	-	16		
			Gach <i>Suidae</i> le haghaidh atáirgthe	-	-	24		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhióch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		— Peiriollaildéad: ≤ 0,5 % <i>Modh anailíse</i> (?) Maidir le líomainéin agus cearbhón (marcóirí fíticheimiceacha) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (CG-BIL) (Pharmacopoeia Eorpach monagraf 1817)	Laonna lena ramhrú	6 mhí	-	35	4. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
			Caoirigh agus gabhair	-	-	10		
			Eallaí lena ramhrú, athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; <i>Camelidae</i> lena ramhrú	-	-	11		
			Gach athchogantach eile; gach <i>Camelidae</i> eile	-	-	10		
			<i>Equidae</i>	-	-	10		
			<i>Leporidae</i>	-	-	10		
			Salmainidí agus mionéisc eite	-	-	25		
			Madraí	-	-	25		

⁽¹⁾ *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.